North/South Ministerial Council

An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas

# tuarascáil bhliantúil 2001

NIA 9/02

# CLÁR


1. Réamhrá leis na Comhrúnaithe 3

2. Caibidil 1 - Cúlrá na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas 5

3. Caibidil 2 - Oibriú na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas 9

4. Caibidil 3 - Cruinniú Iomlánach CATT 13

5. Caibidil 4 - Cruinniú Institiúideach CATT 17

6. Caibidil 5 - Cruinnithe Earnálacha CATT 21

7. Caibidil 6 - An Chomhrúnaireacht 41

8. Aguisín 1 - Tinreamh ag Cruinniú Iomlánach 45

9. Aguisín 2 - Tinreamh ag Cruinniú Institiúideach 47

10. Aguisín 3 - Tinreamh ag Cruinnithe Earnálacha 49

11. Aguisín 4 - Eolas Airgeadais 55

12. Aguisín 5 - Cáirt - Eagrú na Comhrúnaireachta 57

13. Aguisín 6 - Sonraí teagmhála na nEagras Thuaidh/Theas 59

14. Aguisín 7 - Baill Bord na nEagras Thuaidh/Theas 63

15 Aguisín 8 - Eolas na Ranna 67

# RÉAMHRÁ LEIS NA COMHRÚNAITHE

# RÉAMHRÁ

Tá muid an-sásta darna Thuarascáil Bhliantúil na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) a fhoilsiú. Imeachtaí CATT na bliana 2001 atá i gceist anseo. Bunaíodh an CATT faoi choinníollacha Chomhaontú Bhéal Feirste Aoine an Chéasta 1998 agus tugtar le chéile ann ionadaithe Fheidhmeannais Thuaisceart Éireann agus Rialtais na hÉireann ar mhaithe le comhairliúcháin, comhoibriú agus gníomhaíocht taobh istigh de oileán na hÉireann a fhorbairt i dtaca le cúrsaí comhshuime. Is é an tasc s'againne i bpáirt lenár gcomhoibrithe sa Chomhrúnaireacht, tacaíocht a thabhairt do obair na n-Airí sa Chomhairle agus feidhmiú leanúnach éifeachtach a ngnó a chinntiú a oiread agus is féidir linn.

Le linn an darna bliana iomlána i mbun gnó don Chomhairle rinneadh eagrú na nEagras Thuaidh/Theas a bhuanú trí bhuanchóiríocht a fháil agus príomhfheidhmeannaigh agus eochairphearsanra eile a cheapadh. De thairbhe seo is mó a bhí ar chumas na nEagras tabhairt faoina gcláracha iomláine oibre i rith 2001. Is féidir anois dul chun cinn cinnte a thuairisciú i ngach réimse a thagann faoi údarás na Comhairle.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur ar an taifead do na hAirí uile ón dá dhlínse agus a gcuid oifigeach as ucht a dtacaíochta láidir don Chomhrúnaireacht agus dá gcúirtéis i gcónaí agus iad ag plé linne mar Chomhrúnaithe agus lenár bhfoirne.

Tá muid ag dúil go mbeidh dea-éifeacht leanúnach ag an Chomhairle agus go ndéanfaimid fíordhifear i gcúrsaí a mbíonn tairbhe so-aitheanta acu don dá pháirt den oileán.

**An Dr. Peter Smyth**
Comhrúnaí (Thuaidh)

**Tim O'Connor**
Comhrúnaí (Theas)

**Ard Mhacha**
Meán Fómhair 2002

## CAIBIDIL 1

# CÚLRÁ NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

**1.1** Bunaíodh an Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) Déardaoin 2 Nollaig 1999 ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú Breataineach/Éireannach, a síníodh ag Rialtais na Breataine agus ag Rialtas na hÉireann mar chuid den Chomhaontú a rinneadh sna Caibidlí Ilpháirtí i mBéal Feirste Aoine an Chéasta, 10 Aibreán, 1998 ("an Chomhaontú"). De réir an Chomhaontaithe ní mór don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas iad siúd a bhfuil cúraimí feidhmeannais acu i dTuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann a thabhairt le chéile ar mhaithe le comhairliúchán, comhoibriú agus gníomhú taobh istigh de oileán na hÉireann a fhorbairt - agus sin a dhéanamh trí cur i bhfeidhm ar bhonn uile-oileánach agus ar bhonn trasteorainn san áireamh - ar chúrsaí chomhshuime agus atá ar chumas an dá Riarachán, Thuaidh agus Theas. Is iad Airí de chuid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus de chuid Rialtas na hÉireann baill CATT, a oibríonn le chéile ar mhaithe le comhoibriú idir an dá pháirt den oileán a chur chun cinn ar a gcomhleas.

## RÉIMSÍ FEIDHME NA COMHAIRLE

**1.2** Socraíodh faoin Chomhaontú go n-aithneofaí ar a laghad 12 réimse ábhair ar a dhéanfar comhoibriú agus forfheidhmiú faoi chúram na Comhairle le comhleas na mball. Dhéanfaí comhoibriú sna réimsí seo (a dtugtar de ghnáth na Réimsí Comhoibriú orthu), a chur i bhfeidhm ar dhá bhealach; i gcás sé chinn acu ar a laghad trí mheán eagras a bhí ag feidhmiú go neamhspleách ar a chéile sa dá dlínse cheana féin agus i gcás sé chinn eile ar a laghad trí mhéan Eagras Nua Forfheidhmithe Thuaidh/Theas (a dtugtar go coitianta orthu na hEagrais Thuaidh/Theas fosta) a oibreódh ar leibhéal tras-teorann nó uile-oileáin.

**1.3** Socraíodh faoi Chomhaontú fosta go ndéanfadh ionadaithe Riaracháin Idirthréimhseach Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann, i gcomhairle le Rialtas na Breataine mar chuid de chlár oibre de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas Idirthréimhseachan 12 réimse a bheadh i gceist a aithint agus a shocrú.

**1.4** De thoradh ar chaibidlí idir na páirtithe agus an dá Rialtas aontaíodh ar an 12 réimse. Leagadh amach toradh na gcaibidlí seo i gComhráiteas a d'eisigh an ChéadAire (roghnuithe) agus an LeasChéadAire (roghnuithe) ar 18 Nollaig 1998.

**1.5** Sa ráiteas sin ba iad na Sé Réimse a aithníodh ina ndéanfaí comhoibriú a chur chun cinn trí mheán na nEagras na Thuaidh/Theas ná:

Uiscebhealaí Intíre
Sláinte Bia

Forbairt Tráchtála agus Gnó
Cláracha Speisialta an Aontais Eorpaigh
Teanga (An Ghaeilge agus Albainis Uladh)
Feirmeoireacht Mara agus Cúrsaí Farraige

1.6 Aithníodh gnéithe de sé Réimse eile mar ghnéithe a chuirfí chun tosaigh ag eagrais atá sa dá dhlínse cheana féin neamhspleách ar a chéile:

Talmhaíocht
Oideachas
Comhshaol
Sláinte
Iompar
Turasóireacht, agus sin Turasóireacht Éireann Teo. san áireamh.

1.7 Ag teacht le Ráitéas 18 Nollaig 1998, rinne Rialtais na Breataine agus na hÉireann Comhaontú a shocrú i dtaca le bunú na nEagras Thuaidh/Theas - ‘Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine agus Tuaisceart Éireann a bhunaíonn Eagrais Forfheidhmiúcháin,’ a síníodh 8 Márta 1999 (‘Comhaontú Breataineach/Éireannach 8 Márta 1999’). Rinne Comhaontú Breataineach/Éireannach 8 Márta 1999 feidhmeanna agus struchtúir na nEagras Thuaidh/Theas a leagadh amach go foirmeálta, mar aon leis na comhshocruithe a bhaineann leo.

1.8 Cuireadh Comhaontú Breataineach/Éireannach 8 Márta 1999 i bhfeidhm go háitiúil, Thuaidh agus Theas, trí mheán an Ordú (Tuaisceart Éireann) um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Eagrais Forfheidhmiúcháin) 1999, agus Acht an Chomhaontú Breataineach/Éireannach, 1999, faoi seach.

## CRUINNIÚ IDIRTHRÉIMHSEACH CATT

1.9 Mar a luaíodh thuas, bhí sé mar choinníoll ag an Chomhaontú go dtiocfadh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, agus iad tagtha le chéile i bhfoirm idirthréimhseach, ar shocrú i dtaca leis na réimsí ina ndéanfaí comhoibriú agus forfheidhmiú. Mar sin de, tháinig an Chomhairle le chéile i bhfoirm idirthréimhseach 1 Nollaig 1999 i mBéal Feirste ag Foirgimh na Parlaiminte, Stormont.

1.10 Ag an chruinniú seo rinne an Chomhairle an 12 Réimse agus na socruithe mar gheall orthu a leagadh amach in ailt 1.5 go 1.8 thuas a dheimhniú go foirmeálta.

1.11 Is iad an 12 Réimse seo na hábhair gur féidir leis an Chomhairle socruithe comhaontaithe a dhéanamh mar gheall orthu i dtaca le (a) beartais i gcóir forfheidhmithe i ngach dlínse faoi seach agus (b) beartais agus gníomhaíocht ar leibhéal uile-oileáin agus ar leibhéal tras-teorann, ag na hEagrais Thuaidh/Theas. Tá forbairt breise ar na socruithe seo indéanta ach an Chomhairle a bheith ar aon intinn, agus le cead speisialta Chomhthionóil Thuaisceart Éireann agus an Oireachtais, sa mhéid is go mbíonn de chúram agus de chumhacht ag an dá Riarachán chuige sin.

CAIBIDIL 2

# OIBRIÚ NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

# LEAGAN AMACH CHRUINNITHE NA COMHAIRLE

2.1 Tagann CATT le chéile i bhFormáidí éagsúla. Buaileann sé le chéile i bhFormáid Iomlánach nuair a bhíonn toscaireacht Fheidhmeannais Thuaisceart Éireann ann faoi cheannais an ChéadAire agus an LeasChéadAire agus toscaireacht Rialtais na hÉireann faoi cheannais an Taoisigh agus an Tánaiste. Is é obair an Chruinniú Iomlánach ósradharc a fháil ar chomhoibriú ar an oileán agus de chuid na nEagras Thuaidh/Theas. Tháinig CATT le chéile i bhFormáid Iomlánach uair amháin i 2001. Tharla seo i mBaile Átha Cliath 20 Samhain.

2.2 Tagann CATT le chéile i bhFormáid Institiúideach chomh maith nuair a bhíonn an ChéadAire agus an LeasChéadAire mar ionadaithe Fheidhmeannais Thuaisceart Éireann agus an tAire Gnóithe Eachtracha mar ionadaí Rialtas na hÉireann. Is é obair na Formáide Institiúideach cúrsaí institiúideacha agus tras-earnálacha a mheas, ceisteanna a bhaineann le Aontas na hEorpa san áireamh, agus le aignis ar bith a réiteach. Tháinig CATT le chéile i bhFormáid Institiúideach don chéad uair i mBéal Feirste 17 Nollaig 2001.

2.3 Tagann CATT le chéile i bhFormáid Earnálach le comhoibriú sna 12 roinn nó réimsí a ndéantar cur síos orthu i gcaibidil 1, a stiúradh. Tagann CATT le chéile roinnt amanna in aghaidh na bliana i dtaca leis na réimsí seo. Ag na cruinnithe seo is é/í an t-aire a bhfuil an cúram na hearnála sin air/uirthi a bhíonn mar ionadaí ag Rialtas na hÉireann agus déanann an ChéadAire agus an LeasChéadAire beirt aire a ainmniú ar bhonn trasphoblach, duine acu a mbíonn cúram na hearnála sin air/uirthi san Fheidhmeannas, de ghnáth, mar ionadaithe Riarachán Thuaisceart Éireann. Tá na méid seo ag teacht le riachtanais an Chomhaontú agus Acht Thuaisceart Éireann 1998, a deir go mbeidh páirtíocht an Fheidhmeannais sa CATT den tsaghas a chinnteodh páirtíocht trasphoblach.

2.4 Le linn 2001 tionóladh 22 cruinniú ar fad sa bhFormáid Earnálach.

2.5 Déantar gach cinneadh de chuid CATT ar chomhaontú idir an dá thaobh sa Chomhairle.

## FEIDHMEANNA NA COMHAIRLE

2.6 Tá roinnt feidhmeanna ag an Chomhairle de réir Sraith a Dó den Chomhaontú. Leagadh amach iad sa Chomhaontú, mar seo a leanas:

- chun eolas a mhalartú, chun plé agus comhairliú a dhéanamh ar mhaithe le comhoibriú ar ghnóithe chomhshuime a bhfuil tionchar ag an dá Riarachán Thuaidh agus Theas orthu.

- Leis na iarrachtaí is fearr a dhéanamh chun teacht ar shocrú i dtaca le glacadh chomhbheartas i réimsí ina mbíonn comhleas tras-

teorann agus uile-oileánach acu, agus a bhfuil tionchar ag an dá Riarachán Thuaidh agus Theas orthu, agus le dian-iarracht a dhéanamh ar easaontais ar bith a réiteach;

- cinnidh a dhéanamh le comhthoil i dtaca le beartais a chuirfí i bhfeidhm i ngach dlínse ann féin, i réimsí cuí fiúntacha a mbeadh tionchar ag an dá Riarachán Thuaidh agus Theas orthu;

- cinnidh a dhéanamh le comhthoil i dtaca le beartais agus gníomhartha a chuirfí i bhfeidhm ar bhonn uile-oileánach agus trasteorann ag na hEagrais Thuaidh/Theas.

## NA FORAIS THUAIDH/THEAS

**2.7** Feidhmíonn gach ceann de na Forais Thuaidh/Theas ar bhonn uile-oileánach. Sa mhéid is go bhfuil sainchúraim soiléir oibre acu, feidhmíonn siad uile faoi ós-stiúr na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, agus tá línnte soiléire freagrachta iontu a shíníonn ar ais chuig an Chomhairle agus chuig an Oireachtas agus Comhthionól Thuaisceart Éireann.

**2.8.** Is iad seo na Forais:

Uiscebhealaí Éireann

An Bord um Chothú Shábháilteachta Bia (BCSB)

An Foras Forbartha Tráchtála agus Gnó. (Inter*Trade*Ireland)
Foras na gCláracha Speisialta AE (FCSAE)

An Foras Teanga Thuaidh/Theas (a bhfuil dhá áisíneacht aige, .i. Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulster-Scotch)

Coimisiún na Feabhaile, Loch Chairlinn agus Solais na Éireann (CFLCSÉ) (a bhfuil dhá áisíneacht aige .i. Áisíneacht na Lochanna agus Áisíneacht na Solas)

**2.9** I dtaca le trí cinn de na forais, Inter*Trade*Ireland, an Foras Teanga agus CFLCSÉ, déantar imeachtaí na bhforas seo a riaradh ag Bord a ceapadh ag CATT. Tá Bord Comhairleach ag ceathrú fhoras, BCSB, a ceapadh ag CATT chomh maith. Sa chás seo, déantar obair an fhorais ag an Phríomhfheidhmeannach. Níl boird ar bith ag an dá fhoras eile, Uiscebhealaí Éireann agus FCSAE, agus sa dá chás seo déantar obair an Fhorais ag an Phríomhfheidhmeannach.

**2.10** Maoinítear na Forais Thuaidh/Theas le deontais a dhéantar ag an dá Riarachán Thuaidh agus Theas. Is féidir leis na Forais foirne a fhostú nó is féidir leo seirbhísí dhaoine eile a fhostú i gcóir chúiseanna faoi leith. Le linn chéid chéim a mbunaithe foirníodh na Forais don chuid is mó ag státshéirbhísí a tugadh ar iasacht óna mbunRanna, Thuaidh agus Theas. Ach chomh maith leis seo tá daoine a fhostú go díreach ag na Forais.

**2.11** Tá breis eolais i dtaca le obair na bhForas Thuaidh/Theas leagtha amach sna Tuaraiscí Earnálacha i gCaibidil 5.

## RÉIMSÍ I gCÓIR CHOMHOIBRITHE

**2.12** Is mar seo a leanas atá na réimsí i gcóir chomhoibrithe agus na gnéithe i gcóir meastúcháin tosaigh ar aontaíodh orthu ag CATT:

- Iompar: pleanáil agus forbairt straitéiseach ar chomhoibriú tras-teorann (bíodh gur mó a thiocfadh an chomhoibriú chun tosaigh i

dtaca le pleanáil bóithre agus iarnróide, chuirfeadh sé san áireamh leis ceisteanna a eascródh ó earnáil na bport agus na n-aerphort), agus sábháilteacht bóithre agus iarnróide;

- Talmhaíocht: plé ar cheisteanna a bhaineann le Chomhpholasaí Talmhaíochta na hEorpa, beartais agus taighde sláinte ainmhíthe agus plandaí agus forbairt tuaithe;

- Oideachas: oideachas i gcóir pháistí le riachtanais speisialta (m. sh. uathacht, bachall éisteachta), an gannfheidhmíocht oideachasúil, cáilíochtaí múinteoirí, agus malartuithe scoile, óige agus múinteoirí;

- Sláinte: pleanáil i gcóir timpistí agus éigeandála; séibhísí éigeandála, comhoibriú ar fhearais ardteicneolaíochta, taighde ailse agus cothú na sláinte;

- Comhshaol; taighde ar chosaint na timpeallachta, bainistiú chaighdeán uisce agus bainistiú drámhaíola i gcomhthéacs trasteorann;

- Turasóireacht: Socraíodh go mbunófaí comhlacht teoranta faoi úinéireacht poiblí chun oileán na hÉireann a dhíol thar sáile mar sprioc thurasóireachta.

**2.13** Tá breis eolais i dtaca le obair na Comhairle sna réimsí seo sna Tuairiscí Earnálacha i gCaibidil 5.

## COMHRÚNAIREACHT NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

**2.14** Tugtar tacaíocht don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas ag Comhrúnaireacht seasmhach a fhoirnítear ag baill Státshéirbhís Thuaisceart Éireann agus Státsheirbhís Rialtas na hÉireann. Féach Caibidil 6.

# CAIBIDIL 3

# CRUINNIÚ IOMLÁNACH CATT

# CRUINNIÚ IOMLÁNACH CATT



3.1 Tháinig an Chomhairle le chéile i bhFormáid Iomlánach i gCaisleán Bhaile Átha Cliath 30 Samhain 2001. Ag an chruinniú seo ba iad an Taoiseach Bertie Ahern TD agus an Tánaiste Mary Harney a bhí i gceannas ar thoscaireacht Rialtais na hÉireann agus ba iad an CéadAire the Rt. Hon. David Trimble MP MLA agus an LeasChéadAire Mark Durkan, Uas., a bhí i gceannas ar thoscaireacht Fheidhmeannais Thuaisceart Éireann.

3.2 Ag seo, an tró Chruinniú Iomlánach thug an dá thaobh sa Chomhairle le fios gur aithin siad tábhacht na hócáide agus chuir siad a gcuid sástachta in iúil i dtaca le forfheidhmniú gnéithe uile Chomhaontú Bhéal Feirste Aoine an Chéasta 1998.

3.3 Rinne an Chomhairle athamharc ar an chlár chomhoibrithe atá faoina cúram agus rinne siad socruithe i dtaca le roinnt moltaí faoi leith.

## Imeachtaí

3.4 Thug an Chomhairle aitheantas don Tuarascáil Bhliantúil ar imeachtaí na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas ó thráth a bunaithe Nollaig 1999 go 31 Nollaig 2000.

3.5 Chomh maith leis sin fuair an Chomhairle tuarascáil dul-chun-cinn ar obair CATT san Fhormáid Earnálach ó Eanáir 2001. Bhí an Chomhairle sásta aitheantas a thabhairt don dul chun cinn a rinneadh i dtaca le forfheidhmiú an chláir oibre a leagadh amach ag an chéad Chruinniú Iomlánach de CATT i Nollaig 1999. Bhí an dá thaobh ag dúil lena thuilleadh dul chun cinn a fheiceáil á dhéanamh sna réimsí seo lena gcomhleas.

3.6 Rinne an Chomhairle sceideal cruinnithe CATT a tharlóidh sna míonna atá romhainn a mheas agus ghlac siad leis.

## Fóram Chomhairleach Thuaidh/Theas

**3.7** Fuair an Chomhairle tuairisc dul chun cinn ar an obair a rinneadh ag an Ghrúpa Oibre a bunaíodh chun taighde a dhéanamh ar bhunú Fhóram Neamhspleách Comhairleach Thuaidh/Theas. Thug an Chomhairle faoi deara go ndéanfaí breis oibre agus socraíodh go ndéanfaí breis cainte ar an cheist ag an chéad chruinniú san Fhormáid Institiúideach agus go dtabharfaí tuairisc dul chun cinn eile ag an chéad chruinniú Iomlánach eile.

## Constaicí ar soghluaiseacht trasteorann

**3.8** Fuair an Chomhairle tuairisc ón Chomhghrúpa Stiurtha ar an staidéar a rinneadh ar Chonstaicí ar shoghluaiseacht trasteorann ar oileán na hÉireann. Thug an Chonmhairle aitheantas don obair a rinneadh ag an Chomhghrúpa Stiúrtha agus don tuairisc a d'ullmhaigh na sainchomhairleoirí. D'aontaíodh nach dtabharfadh an dá Riarachán aon tuairim ar na conclúidí ag an phointe seo, go bhfanfóidís go bhfoilseofaí an tuairisc le go mbeadh deis ag eagraíochtaí sainsuime, na rannóga rialtais agus daoine aonaracha san áireamh, a gcuid tuairimí a nochtadh i dtaca leis na moltaí agus an dóigh lena iad a chur i bhfeidhm.

**3.9** D'aontaigh an Chomhairle chomh maith go ndéanfadh an Grúpa Stiúrtha atá ann faoi láthair an próiséas comhairliúcháin a riaradh agus páipéar a thabhairt ar aghaidh chuig an chéad chruinniú Iomlánach eile CATT ina mbeadh achoimre, measúnú agus costáil déanta ar na moltaí de bharr thorthaí an chomhairliúcháin, agus ina ndéanfaí conclúidí, agus moltaí i dtaca le forfheidhmiú, de réir mar a d'oirfeadh a leithéid. Ar deireadh d'aontaigh an Chomhairle go mba chóir go ndéanfadh an Grúpa Stiúrtha cinnte de, agus na moltaí a mheas acu, nach gcuirfidís aon bhac ar shoghluaiseacht Thoir/Thiar, agus nach dtabharfadh na moltaí aon bhuntaiste sa bhreis do oibrithe trasteorann ar a raibh ar fáil taobh istigh den dá dhlínse.

## Buiséid

**3.10** Mhol an Chomhairle buiséid le haghaidh na bhForas Thuaidh/Theas do Rialtas na hÉireann agus do Riarachán Thuaisceart Éireann le haghaidh 2002 de £54.37m/ 92.07m. san iomlán. Is é an sciar den mhéid a chuirfidh an dá rialtas isteach ná £40.01m/ 67.74m ó Rialtas na hÉireann agus £14.37m/ 24.33m ó Riarachán Thuaisceart Éireann. Thug an Chomhairle suntas fosta na figiúirí sealadacha i gcóir Turasóireacht Éireann Teo. de £26.78m/ 45.33m agus sciar £19.46m/ 32.95m ag teacht ó Rialtas na hÉireann agus £7.31m/ 12.38m ó Riarachán Thuaisceart Éireann. Thug siad suntas fosta do réamhthuairimí buiséid i gcóir na bhForas Thuaidh/Theas do 2003 agus 2004.

## Ceisteanna Eacnamaíocha

**3.11** Fuair an Chomhairle tuairisc ar fheabhsú iomaíochta idir an dá eacnamaíocht, a coimisiúnadh ag an Roinn Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta, agus an Roinn Fiontair, Tráchtála agus Infheistíochta, i bpáirt le Inter*Trade*Ireland, an Foras Forbartha Tráchtála agus Gnó. Thug an Chomhairle suntas do ábhar agus torthaí na tuairisce, sa mhéid is gur thug na conclúidí aghaidh ar speictream leathan oibre thar réimse feidhmeanna riaracháin.

D'iarr an Chomhairle go ndéanfadh na Ranna agus Áisíneachtaí cuí Rialtais clár na hiomaíochta a leanúint dá gcomhleas eacnamaíoch, sna réimsí atá faoina gcúram.

3.12 Thug an Chomhairle suntas do chúrsaí mar atá siad faoi láthair i dtaca le clár Rialtais na hÉireann um Rathúnas agus Cothrom na Féinne agus a Phlean Forbartha Náisiúnta, agus do dhréachtchlár rialtais Riarachán Thuaisceart Éireann.

3.13 Rinneadh plé ar éifeachtaí imeachtaí úafásacha 11 Meán Fómhair 2001 ar eacnamaíochtaí an dá dhlínse. D'aontaigh an Chomhairle gur fhág a rian dúshlán mhór do eacnamaíochtaí an dá dhlínse. Rinne an Chomhairle measúnú ar na dóigheanna ina bhfuil na háisíneachtaí turasóireachta ar oileán na hÉireann ag forbairt moltaí leis na drochthionchar ar an turasóireacht a laghdú.

3.14 Rinneadh plé fosta ar phleanáil i gcóir éigeandála mar thoradh ar imeachtaí 11 Meán Fómhair 2001. D'aontaigh siad go raibh gá leanúnach ann le comhoibriú trasteorann i gcúrsaí sláinte agus i dtaca leis na strúchtúir a bhí acu sa dá dhlínse le haghaidh pleanála i gcóir mhóreachtraí.

3.15 Tá liosta na nAirí a d'fhreastail ar an Chruinniú Iomlánach leagtha amach in Aguisín 1.

# CAIBIDIL 4

# CRUINNIÚ INSTITIÚDACH CATT

# CRUINNIÚ INSTITIÚIDEACH CATT



4.1 Tháinig an Chomhairle le chéile i bhFormáid Institiúideach 17 Nollaig 2001 i bhFoirgnimh na Parlaiminte, Béal Feirste. Ag an chruinniú seo bhí an ChéadAire, the Rt. Hon. David Trimble MP, MLA agus an LeasChéadAire Mark Durkan, Uas., MP, MLA mar ionadaithe ag Riarachán Thuaisceart Éireann. Bhí an tAire Gnóthaí Eachtacha Brian Cowan, Uas., TD mar ionadaí ag Rialtas na hÉireann.

4.2 Thug an chéad chruinniú seo i bhFormáid Institiúideach deis úsáideach dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na Comhairle le linn an chéad dá bhliain i mbun oibre di. Ag an chruinniú thug CATT aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas:

## Socruithe Earnáil an Iompair

4.2.1 D'aithin an Chomhairle nár éirigh leo níos mó ná cruinniú amháin a bheith acu sa Earnáil Iompair. D'aontaigh siad, áfach, go mba chóir do oifigigh an dá Riarachán agus an Chomhrúnaireacht na féidireachtaí a fhiosrú le go ndíreóidís ar cheisteanna sábháilteach bóithre ag an chéad Chruinniú eile san Earnáil Iompair, réimse atá faoi chúram Aire Chomhshaoil Thuaisceart Éireann.

## Áisíneacht na Solas

4.2.2 Thug an Chomhairle suntas don obair a dtugadh faoi agus na ceisteanna casta a bhí tagtha chun cinn in Áisíneacht na Solas faoi Choimisiún na Feabhaile, Cairlinn agus Solas na hÉireann i dtaca le aistriú feidhmeanna Coimisiúnaithe Solas Éireann mar atá siad faoi láthair chuig Áisíneacht na Solas a lorg. D'aontaíodh go ndéanfadh

oifigigh athbhreithniú breise ar an cheist agus go dtabharfaidís comhairle ag an chéad chruinniú eile i bhFormáid Institiúideach na Comhairle.

## Comhoibriú Thuaidh/Theas lasmuigh de chlár reatha oibre CATT

**4.2.3** Chuir an Chomhairle san áireamh páipéar ina leagtar amach réimsí reatha comhoibrithe idir Rannóga agus Áisíneachtaí sa dá Riarachán nach dtagann faoi chlár reatha oibre CATT. D'aontaigh an Chomhairle gur chóir d'oifigigh ó Rannóga agus ón Chomhrúnaireacht measúnú breise a dhéanamh ar réimsí comhoibrithe agus comhairle a thabhairt don Chomhairle ag an chéad chruinniú eile i bhFormáid Institiúideach.

## Ceisteanna Tras-Earnálacha

**4.2.4** Thug an Chomhairle suntas don dul chun cinn a rinneadh go dtí seo i dtaca le ceisteanna tras-earnálacha a imríonn tionchar ar na sé Fhoras Thuaidh/Theas agus ar Thurasóireacht Éireann Teo a bunaíodh faoin Chomhaontú. I measc na réimsí seo bhí freagracht, tuairisciú agus socruithe airgeadais, agus sin scéimeanna pinsin, iniúchadh, agus saoirse eolais san áireamh.

## Socruithe buiséadacha i gcóir na bhForas Thuaidh/Theas

**4.2.5** Mhol an Chomhairle na socruithe buiséadacha i gcóir 2002 agus maoiniú Fheidhmeannais Thuasceart Éireann agus Rialtas na hÉireann i gcóir na bhForas Thuaidh/Theas, agus sin Turasóireacht Éireann Teo. san áireamh.

## Ceisteanna a bhaineann le

## Aontas na hEorpa

**4.2.6** De réir an Chomhaontú tá faoin Chomhairle an ghné Eorpach de ábhair bainteacha a chur san áireamh, ina measc, cur-i-bhfeidhm beartas AE, agus cláracha agus moltaí faoi chaibidil i gcóras an AE. Bhí túsmhalartú fiúntach tuairimí ag Airí ar na dóigheanna le socruithe a fhorbairt a chuirfeadh a leithéid i bhfeidhm, agus aird á thabhairt ar rialacha Riarachán TÉ agus na Comhairle ar fhorbairt cheisteanna AE. D'aontaigh an Chomhairle gur chóir go ndéanfaí a thuilleadh oibre leis an dóigh is éifeachtaí a mheas lena ról de réir an Chomhaontú a leanúint i dtaca leis an ghné AE de. Shocraigh siad ar ghrúpa oibre a bhunú le seo a dhéanamh a chuirfeadh a thuairisc faoi bhráid an chéad chruinniú eile den Chomhairle i bhFormáid Institiúideach.

## Fóram Comhairleach

**4.2.7** Thug na hAirí suntas don obair a rinneadh ag Grúpa Oibre oifigeach de chuid an dá Riaracháin a bunaíodh tar éis Chruinniú Iomlánach na Comhairle i mBaile Átha Cliath 26 Meán Fómhair 2000 chun staidéar a dhéanamh a chuirfeadh aidhm alt 19 Sraith a Dó den Chomhaontú i bhfeidhm. D'aontaigh an Chomhairle gur chóir go mbunófaí an Fóram Neamhspleách Comhairleach ar idirghníomhaíocht foirmeálta idir struchtúir ionadaíocha shochaí sibhialta Thuaisceart Éireann agus an Deiscirt.

**4.2.8** D'aontaigh siad fosta gur chóir don Ghrúpa Oibre gabháil i gcomhairle le Fóram Cathartha Thuaisceart Éireann agus na Páirtnéirí Sóisialta a ghlacann páirt sa LárChóras Athbhreithnithe den Chlár um Rathúnas agus Cothrom na Féinne

ar mhaithe le grinnmholtaí a thabhairt chun tosaigh le haghaidh measúnú chuig an chéad chruinniú Iomlánach eile.

## Foilsiú an Chéad Tuarascáil Bhliantúil den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas

**4.2.9** I ndiaidh an Chruinnithe, chuir Airí an Chéad Tuarascáil Bhliantúil den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas os comhair an phobail. Tá cur síos sa Tuarascáil ar oibriú na Comhairle agus na bhForas Thuaidh/Theas le linn na céad bliana dóibh agus leagann sé béim, ar dhóigh so-aitheanta ar na féidireachta atá ann thar cuid mhór earnálacha comhoibrithe ar leas na ndaoine uile fud fad an oileáin iad.

# CAIBIDIL 5

# CRUINNITHE EARNÁLACHA CATT

# CRUINNITHE EARNÁLACHA CATT

## INTREOIR

5.1.1 Tugtar sa chaibidil seo achoimre na hoibre CATT a rinneadh sa bhFormáid Earnálach le linn 2001. Tá 12 Earnáil faoi scáth na Comhairle, a bhaineann leis an 12 réimse gur féidir leis an Chomhairle socruithe a dhéanamh ar chomhshocrú i dtaca le (a) beartais forfheidhme i ngach dlínse leis féin agus (b) beartais agus gníomhartha ag leibhéal uile-oileánach agus trasteorann ar le go gcuirfí i bhfeidhm iad ag na Forais Thuaidh/Theas. Tá liosta na nAirí a d'fhreastail ar na cruinnithe seo i 2001 ar fáil in Aguisín 3.

## EARNÁIL NA NUISCEBHEALAÍ INTÍRE

### Uiscebhealaí Éireann

5.2.1 Tagann an Chomhairle le chéile in Earnáil na nUiscebhealaí Intíre ar mhaithe le cinnidh a ghlacadh i dtaca le polasaithe agus gníomhartha a chuirfear i bhfeidhm ag Uiscebhealaí Éireann. Tugtar sonraí na nAirí a d'fhreastail ar na cruinnithe san Earnáil seo ar fáil in Aguisín 3.

### Feidhmeanna/aidhmeanna

5.2.2 Is é príomhfheidhm Usicebhealaí Éireann bainistíocht, cóiriú, forbairt agus athnuachán an chórais taistil uiscebhealaí intíre a dhéanamh, ar mhaithe le siamsa ach go háirithe. Tá Uiscebhealaí Éireann i bhfeighil na gcóras taistil seo a leanas, a bhíodh roimhe seo faoi chúram an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, sa Deisceart, agus an Roinn Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe i dTuaisceart Éireann.

- Uiscebhealach na Sionainne is na hÉirne
- Córas na hÉirne
- An Canáil Mhór
- Córas an Bharra,
- Córas na Banna Íochtaraigh
- An Canáil Ríoga
- Córas na Sionainne

5.2.3 Chomh maith leis sin tá de chúram ag Uiscebhealaí Éireann staidéir breise agus moltaí a thabhairt chun tosaigh i dtaca le féidireachtaí maidir le athnuachán Chanáil Uladh.

5.2.4 Cuireadh céim eile le bunú Uiscebhealaí Éireann i 2001 nuair a cuireadh roinnt socruithe tábhachtacha praicticiúla in a n-áit. Thosaigh sé ag feidhmiú amach as Ceannáras sealadach in Inis Ceithleann agus tá tús curtha anois le bunú a Cheannáras buan ansin. Cuireadh oifigí réigiúnacha ar bun i rith na bliana i Scairbh, Cara Dhroma Rúisce agus i mBaile Átha Cliath.

5.2.5 Feidhmíonn an Foras i dtrí réigiún, Tuaisceart, Oirthear agus Iarthar. Faoi dheireadh 2001 bhí foireann 244 ag Uiscebhealaí Éireann, agus sin trí phost ag léibhéal Stiúrthóra san áireamh. Tá sé mar aidhm acu lánfhoireann a bheith ceaptha acu i rith 2002.

5.2.6 Leanadh den dul chun cinn a rinneadh ar roinnt ceisteanna eile a bhain le riaradh an Fhorais nua, ina measc, gur cuireadh nósanna cearta imeachta airgeadais mar a bhí riachtánach ar bun, gur forbraíodh córas teicneolaíocht an eolais agus gur ullmhaíodh Scéim Chomhionnanais mar is gá faoi reachtaíocht Thuaisceart Éireann.

5.2.7 B'ionann an éileamh airgeadais i gcóir Uiscebhealaí Éireann, ar ghlacadh leis ag an Chruinniú Earnálach i Scairbh, Co. an Chláir 29 Eanáir agus IR£25.09m./£20.07m.

## Imeachtaí

5.2.8 Bhí trí chruinniú CATT in Earnáil na nUiscebhealaí Intíre i 2001. Tharla siad ar 29 Eanáir, 27 Meitheamh agus 23 Samhain. Glacadh le ceapachán an Uasail John Martin mar phríomhfheidhmeannach buan ar Uiscebhealaí Éireann ag an chruinniú a tharla 29 Eanáir.

5.2.9 Cheadaigh an Chomhairle pleananna de chuid Uiscebhealaí Éireann i dtaca le ceannach éigeandach tailte áirithe a bhí riachtánach ar mhaithe le córas taistil na Sionáinne a fheabhsú. Ar aon dul le socruithe a rinneadh ag an Chomhairle lean Uiscebhealaí Éireann le mórtionscnaimh caipitleacha ar chóras na Sionáinne ina measc oibrithe móra taistil i gcathar Luimní, ar an Chanáil Mhór agus ar an Chanáil Ríoga agus ar athchóiriú roinnt áiteanna ceangáilte bád ar Loch Éirne. Tugadh trí thionscnamh mhóra taistil chun críche in rith na bliana, i Luimneach, i mBéal Átha na Slua agus ag Mainistir na Buaille agus osclaíodh do bháid iad. Tharla oscailt oifigiúil tionscnaimh Luimní Iúil 2001.

5.2.10 I rith na bliana fuair an Chomhairle measúnú Uiscebhealaí Éireann ar an staidéar ar na féidireachtaí i dtaca le hathoscailt Chanáil Uladh. Tá an staidéar sin anois a mheas ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán sa Deisceart agus ag an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i dTuaisceart Éireann.

5.2.11 Ghlac an Chomhairle le moltaí i dtaca le margaíocht agus poibliú na n-uiscebhealaí intíre agus le bunadh grúpa chomhairleach ar cheisteanna margaíochta. Socraíodh gur cóir bádóireacht/cúrsóireacht a chuir os comhair an phobail mar mhargadh eile faoi leith agus seoladh comhfheachtas Bhord Fáilte/Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann i 2001.

5.2.12 Thug an Chomhairle suntas do chéad Thuarascáil Bhliantúil Uiscebhealaí Éireann a cuireadh faoi bhráid na Comhairle. D'aithin an Chomhairle feidhm Uiscebhealaí Éireann mar chosantóir agus mar fhorbróir oidhreacht uiscebhealaigh an oileáin. Chomh maith leis sin ghlac an Chomhairle le Plean Gníomhaíochta Uiscebhealaí Éireann do 2002.

5.2.13 Thug Uiscebhealaí Éireann tuairisc ghoirid don Chomhairle ar Chomhdháil Canálacha an Domhain ar éirigh thar cinn leis, is a cuireadh ar siúil i mBaile Átha Cliath, Béal Feirste agus Lios na gCearrbhach i Bealtaine 2001. Ghlac breis agus 220 ionadaí páirt sa Chomhdháil.

## EARNÁIL SHÁBHÁILTEACHT BIA AGUS SLÁINTE

### AN BORD UN CHOTHÚ SÁBHÁILTEACHTA BIA

5.3.1 Tagann an Chomhairle le chéile san Earnáil Shábháilteacht Bia agus Sláinte ar mhaithe cúrsaí comhoibrithe i Sláinte a mheas agus le socruithe a dhéanamh chomh maith i dtaca le beartais agus gníomhartha a chuirfear i bhfeidhm ag an Bhord um Chothú Sábháilteacht Bia agus Sláinte atá ar cheann de na Forais Thuaidh/Theas. Tá sonraí na nAirí a d'fhreastail ar chruinnithe na Comhairle san earnáil seo ar fáil in Aguisín 3.

5.3.2 Is é príomhchúram an Bhord um Chothú Sábháilteachta Bia sábháilteacht bia a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do comhoibriú eolaíochta Thuaidh/Theas agus nascanna idir institiúidí a oibríonn sa réimse sábháilteachta bia a chothú. Tá Bord Comhairleach 12 ball, a ainmníodh ag CATT aige. (Féach Aguisín 7)

### FEIDHMEANNA/AIDHMEANNA

5.3.3 Cuireann an Bord um Chothú Sábháilteachta Bia a chuid oibre i gcrích trí fheachtais poiblí, comhdhálacha, oiliúint agus comhairle a thabhairt do dhaoine ghairmiúil agus don ghnáthphobal. Tá baint aige fosta le tacaíocht a thabhairt don chomhoibriú eolaíochta Thuaidh/Theas, agus do nascanna idir institiúidí a oibríonn sa réimse sábháilteachta bia - saotharlainn, aisíneachtaí reachtúla infórsála sábháilteachta bia, forais taighde baile agus idirnáisiúnta. Tá de dhualgas fosta ar an Bhord comhairle a sholáthair don Chomhairle ar fhorbairt trialliú speisialta saotharlainne arbh fhiú a luach é. Tá ról ag an Bhord chomh maith mar sholáthróir neamhspleách mheasúnú eolaíoch ar cheisteanna shábháilteachta bia.

5.3.4 Tá an chomhoibriú trasteorainn sna réimsí seo uile idir eagraíochta a shaothraíonn sna goirt seo lárnach do obair an Bhoird. Chuir an Bord tús lena chuid oibre trí roinnt grúpaí idirdhisciplíneacha feidhmiúla neamhfhormálta a bhunú chun chuidiú le formhíniú feidhmeanna. Baineadh úsáid as torthaí na ngrúpaí seo chun cuidiú le forbairt straitéise corpóráideach agus plean bliantiúil.

### Imeachtaí

5.3.5 Bhunaidh an Bord um Chothú Sábháilteacht Bia a Cheannáras i gCorcaigh agus osclaíodh é seo go foirmeálta 24 Samhain 2001 ag an Uas. Micheál Ó Máirtín, TD, an tAire Sláinte agus Leanaí agus Bairbre de Brún, MLA, an tAire Sláinte, Séirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí os comhair an Taoisigh, an tUas. Bertie Ahern, TD.

5.3.6 Níor tharla cruinniú den Chomhairle san Earnáil Sábháilteacht Bia a socraíodh do 29 Meitheamh 2001 toisc nár ainmníodh Airí ar bith de chuid Thuaisceart Éireann chun dul chuige.

5.3.7 Tháinig an Chomhairle le chéile uair amháin san Earnáil Sábháilteachta Bia i 2001. Tharla an chruinniú seo 16 Samhain 2001. Ghlac an Chomhairle, i bprionsabal, le ceapadh an iarrthóra a moladh don phost mar Phríomhfheidhmeannach an Fhorais, agus ghlac sé leis an struchtúr bainistíochta agus na socruithe foirne a moladh i gcóir an Fhorais seo.

5.3.8 Fuair an Chomhairle tuairisc dul-chun-cinn ar obair an Bhord um Chothú Sábháilteachta Bia i dtaca le

ceisteanna a bhain le caiteachas airgid do 2000, cóiríocht, fostú foirne, forbairt an tsuíomh idirlinn, bronnadh chonraithe taighde agus an fóram ar an chothú daonna. Ghlac an Chomhairle le Straitéis Corpáráideach an Bhoird i gcóir 2001, agus thug siad suntas don mholadh go bhforbrófaí plean ilbhliaintúil trí bhliana a chuirfí faoi bhráid na Comhairle ach é a bheith ullmhaithe.

5.3.9 Ghlac an Chomhairle le DréachtScéim Chomhionnanais an Bhoird agus leis an Phlean Gníomhaíochta TSN ar chomhairliúcháin phoiblí.

5.3.10 Ghlac an Chomhairle le Coiste Comhairleach ar a bhfuil 16 ball idir saineolaíthe eolaíochta agus ionadaithe ó ghrúpaí ó réimse níos fairsinge sainspeise i gcúrsaí sábháilteachta bia. Déanfaidh an Choiste comhairle a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach ar chúrsaí teicniúla agus eolaíochta agus cuideoidh siad leis an Bhord ceisteanna nua sainspeise atá ag teacht chun tosaigh a aithint i réimsí sábháilteacht bia, sláinteachais, agus cothú.

5.3.11 D'oibrigh an Bord um Chothú Sábháilteachta Bia go dlúth leis na húdaráis sábháilteachta bia Thuaidh agus Theas, in ullmhú eolas tomhaltóra. Cuireadh bileog a raibh 'Is Beef Safe to Eat - BSE: The Facts' ar fáil tríd an líne chuidigh shábháilteacht bia agus sna príomhollmhargaidh agus siopaí búistéara. Bhí an BCSB i mbun eolais agus athmhuinín tomhaltóra a chur ar fáil tríd na meáin agus tríd an líne chuidigh s'aigese i dtaca le sábháilteacht tairgí feola le linn ráig an Ghalair Chrúib agus Béil.

5.3.12 Chomh maith leis sin tá tugtha ag an Bhord faoi thionscnaimh fógraíochta ar theilifís, ar raidió agus sna meáin clóite ar mhaithe le tuiscint an phobail do na contúirtí nimhiú bia agus do na cleachtais cosctha gur féidir leo a chur i bhfeidhm sa bhaile a mhéadú.

5.3.13 I 2001, Rinne an Bord, i bpáirt le Cumann na nOifigeach Sláinte Comhshaoil cúrsa sláinteachais deimhníthe i roinnt scoileanna dara leibhéil a thriall. Tá forbairt bhreise a dhéanamh ar an chúrsa ar mhaithe len é a leathnú amach chuig na scoileanna sa Deisceart mar chuid den chlár sa bhliain idirthréimhseach s'acu. Tá leasú breise á phleanáil le go n-oirfeadh sé do scoileanna dara leibhéal i dTuaisceart Éireann.

5.3.14 Lean an BCSB leis an chlár s'aigese ina ndéantar tionscnaimh taighde a choimisiniú a bhaineann le hábhair mar chothú, nimheolaíocht, micreabhitheolaíocht, measúnú baoil agus cumarsáidiú baoil. Tabharfadh na tionscnaimh chun críche taobh idir de dhá nó thrí bhliain agus tá siad ar siúil in ionaid taighde éagsúla agus ollscoileanna ar fud an oileáin.

## EARNÁIL FORBARTHA TRÁCHTÁLA AGUS GNÓ.

### FORAS FORBARTHA TRÁCHTÁLA AGUS GNÓ - Inter*Trade*Ireland

5.4.1. Tagann an Comhairle le chéile san Earnáil Forbartha Tráchtála agus Gnó ar mhaithe le socruithe a dhéanamh i dtaca le beartais agus gníomhaíocht a chuirfear i bhfeidhm ag an Fhoras Forbartha Tráchtála agus Gnó - InterTradeIreland. Tá sonraí na nAirí a d'fhreastail ar chruinnithe na Comhairle san Earnáil seo i 2001 ar fáil in Aguisín 3.

5.4.2 Bíonn réimse feidhmeanna le InterTradeIreland san Earnáil

Tráchtála agus Gnó agus oibríonn sé le chéile leis na áisíneachtaí forbartha atá ann cheana Thuaidh agus Theas. Is é an fhorbairt tráchtála agus gnó os-aidhm an fhorais.

## FEIDHMEANNA/AIDHMEANNA

5.4.3 Is é spriocfheidhm InterTradeIreland, mar atá ráite sa Phlean Corparáideach s'aige 2002-2004 'forbairt eacnamaíocht an oileáin a threorú trí mheán ionchuir soaitheanta atá bunaithe ar an eolas a mbeidh torthaí suntasacha orthu i réimsí na tráchtála agus gnó trasteorann.' Baineann InterTradeIreland feidhm as réimse fiúntach feidhmeanna ar mhaithe leis an spriocaidhm seo a bhaint amach. Faoi osthreoir bheartais CATT oibríonn Inter*Trade*Ireland i ndlúthpháirt leis an Roinn Fiontair, Tráchtála agus Infheistíochta, Béal Feirste, an Roinn Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta, Baile Átha Cliath agus leis na háisíneachtaí forbartha atá ann cheana féin, Thuaidh agus Theas.

5.4.4 Chomh maith leis seo tá sé mar sprioc ag InterTradeIreland iomaíocht fiontraíochta a fheabhsú i gcomhthéacs Thuaidh/Theas i réimsí mar infhaighteacht scileanna, telecoms, teicneolaíocht an eolais agus tráchtáil leictreonach.

5.4.5 Tá an Dr. Martin Naughton mar Chathaoirleach ar Bhord Inter-TradeIreland agus is é an Dr. Harold Ennis an LeasChathaoirleach. Is é Príomhfheidhmeannach InterTradeIreland Liam Nellis, uas. Tá liosta bhaill an Bhoird ar fáil in Aguisín 7.

## Imeachtaí

5.4.6 Neartaíodh áisiú agus cur-chun-cinn fhorbairt tráchtála agus gnó Thuaidh/Theas le linn 2001 trí obair na Comhairle san Earnáil Forbartha Tráchtála agus Gnó agus trí sholáthair ionchuir nua ag InterTradeIreland. Bhí dhá chruinniú CATT san Earnáil Forbartha Tráchtála agus Gnó i 2001 a tharla 16 Feabhra agus 28 Meán Fómhair. Ghlac an Chomhairle le Plean Corparáideach InterTradeIreland do 2002-2004 ina leagtar amach a ráitéas spriocaidhme agus a chuid aidhmeanna straitéise. Tá an plean bunaithe ar théama choincheap an eolais mar a bhaineann sé le ginniúint agus scaipeadh an eolais agus an saineolais a theastaíonn ó ghnó le imeachtaí forbartha tráchtála agus gnó a mhéadú. Oibreoidh InterTradeIreland i ndlúthpháirt leis na áisineachtaí forbartha atá ann cheana féin Thuaidh agus Theas de réir mar a chuireann siad a gcuid straitéisí i bhfeidhm. Ar phríomhchláracha agus imeachtaí spreagtha Inter*Trade*Ireland tá:

- Greasán stocmhargaidh ar mhaithe le aitheantas agus úsáid airgeadú príobháideach stocmhargaidh i measc tógraí beaga agus meántógraí a chur chun cinn;
- Tionscnamh Mhalartú Eolais uile-oileánach ar mhaithe leis an earnáil gnó a nascadh leis an earnáil oideachais;
- Modh Gnó uile-oileánach, a bhfuil comhaontú eolais tráchtála agus a mhacasamháil mar chuid de;
- Forbairt phortail uile-oileánach;
- Tionscnaimh Sholáthair poiblí
- Imeachtaí Aitheantais Tráchtála agus Ghreasánú; agus
- Soláthair seirbhísí eolais gnó breisluachacha.

5.4.7 Ghlac an Chomhairle le moltaí de chuid Inter*Trade*Ireland i dtaca le oibriú dhá chlár lonnaithe céimithe uile-oileánach/trasteorann a bheadh

neamhspleách ar a chéile ach a luíodh go maith le chéile, a chuirfear os comhair an tsaoil mar *Focus* agus *Fusion*, a dhéanann céimithe, institiúidí triú leibhéil agus an earnáil gnó a thabhairt le chéile i gcomhoibriú malartú margaíochta agus teicneolaíochta. Thug suim agus rannpháirtíocht an earnáil gnó sna cláracha an-uchtach don Fhoras. Tá cur i bhfeidhm na gclár ag gabháil ar aghaidh i rith an ama.

**5.4.8** Ghlac an Chomhairle chomh maith le clár uaillmhianach Inter*Trade*Ireland ar mhaithe le úsáid an airgid príobháideach infheistíochta ar mhaithe le fhás an earnáil ghnó a bhrostú san earnáil SME. I ndiaidh sin rinne Inter*Trade*Ireland an clár a sheoladh - a bhfuil an t-ainm EquityNetwork anois air - agus leagadh an béim i 2001 ar ghnéithe aitheantais agus ghinniúint éilimh. Beidh mórchomhdháil idirnáisiúnta ar an ábhar seo in Aibreán 2002 mar eochairghné de chur i bhfeidhm leanúnach an chláir seo.

**5.4.9** Ghlac an Chomhairle le foilsiú Reiviú Bliantúil ar Imeachtaí agus Cuntais Bliantúil 2000 InterTradeIreland (chéad Tuarascáil Bhliantúil InterTradeIreland).

**5.4.10** Bhí ionchur ag InterTradeIreland ar thuairisc uile-oileánach ar Fheabhsú Iomaíochta a cuireadh faoi bhráid na Comhairle i seisiún iomlánach i mí na Samhna. Dhírigh an ionchur sin ar cheisteanna iomaíochta uile-oileánach i réimsí theicneolaíocht an eolais, tráchtáil leictreonach, telecoms agus infhaighteacht scileanna. Ag teacht le cinneadh na Comhairle i dtaca leis an cheist seo tá obair ar siúil ag Inter*Trade*Ireland ar an chlár iomaíochta uile-oileánach sna ceithre réimse a luaíodh, ar mhaithe le gníomhartha a aithint a chuirfí i bhfeidhm agus ar mhaithe le tuairisc a thabhairt don Chomhairle ar an dul chun cinn a dhéantar.

## Earnáil Chláracha Speisialta Aontas na hEorpa.

## Foras Chláracha Speisialta Aontas na hEorpa

**5.5.1** Tagann an Chomhairle le chéile in Earnáil Chláracha Speisialta Aontas na hEorpa ar mhaithe le socruithe a dhéanamh i dtaca le beartais agus gníomhaíocht a chuirfear i bhfeidhm ag Foras Chláracha Speisialta Aontas na hEorpa. (FCSAE). Tá sonraí na nAirí a d'fhreastail ar chruinnithe na Comhairle sa Rannóg seo ar fáil in Aguisín 3.

### FEIDHMEANNA/AIDHMEANNA

**5.5.2** Tá cúraimí áirithe i dtaca leis na Cláracha INTERREG 11A Éire/Tuaisceart Éireann agus 1994 - 1999 PEACE glactha ag FCSAE chuige féin. Roimhe seo bhí siad faoi chúraim na Roinne Airgeadais, Thuaidh agus Theas. Chomh maith leis sin is é FCSAE an /darás Bainístíochta a cuireadh síos i gcóir PEACE II agus na cláracha INTERREG 111A Éire/Tuaisceart Éireann rud a fhágann go bhfuil feidhmeanna suntasacha bainistíochta, deonadh airgeadais agus osbhreithnuithe i dtaca leis na Cláracha seo agus i dtaca leis an bhabhta nua Chláracha Tionscnamh Pobail (LEADER+, EQUAL agus URBAN11) a maoinítear ag Cistí Struchtúrtha Eorpacha. Fosta tá cúram ag FCSAE i leith monatóireachta agus cur chun cinn forfheidhmiú na ngníomhartha comhoibrithe Thuaidh/Theas trí mheán an Chomhchaibidlí sa Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) d'Éirinn agus Plean Chistí Struchtúrtha Thuaisceart Éireann.

### Imeachtaí

5.5.3 Tháinig an Chomhairle le chéile trí huaire in Earnáil Chláracha Speisialta Aontas na hEorpa i 2001. Tharla na cruinnithe seo i mBaile Átha Cliath ar 9 Aibreán, 20 Meitheamh agus 30 Deireadh Fómhair.

5.5.4 Thug an Chomhairle faoi réimse gnó ar féidir a rangú faoi cheithre ábhar, eadhon:

- Forfheidhmiú an Chlár nua Síochána agus Athmhuintearthais a bhfuil tacaíocht Aontas na hEorpa léi, 2002-2004 agus ullmhú moltaí i gcóir Chláir INTERREG 111A Éireann/Tuaisceart Éireann (2000-2006);
- Críochnú na gclúracha reatha Síochána agus Athmhuintearthais 1995-1999 agus INTERREG 11A 1994-1999;
- Forbairt struchtúr i gcóir fhorfheidhmiú agus osbhreithniú Chomhchaibidle an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Plean Chistí Struchtúrtha Thuaisceart Éireann;
- ábhair a bhaineann le struchtúir corparáideacha agus imeachta gnó FCSAE 2000-2006.

5.5.5 Tá FCSAE ainmnithe ag na húdaráis, Thuaidh agus Theas, mar /darás Bhainistíochta ar an dá chlár nua Síochána agus Athmhuintearthais agus INTERREG 111A. Tá infheistíocht de thart faoi 700m agus 173m de mhaoiniú Eorpach agus de mhaoiniú náisiúnta faoi seach i gceist i dTuaisceart Éireann agus sa cheantair cois teorainn le linn tréimhse na gclúracha seo. Chomh maith leis seo tá ról chomhordnaitheora ag FCSAE sna gnéithe Thuaidh/Theas de na cláracha eile uile a bhfuil tacaíocht AE acu ar an oileán, a bhaineann le Creatlach Tacaíochta Pobail (CTP) agus réimse tionscnaimh pobail (EQUAL, LEADER+ agus URBAN11) Thuaidh agus Theas. I rith na bliana rinne an Chomhairle athbhreithnithe agus nuair ba gá ghlac sé le socruithe a chur ar chumas FCSAE a chuid oibre a chur i gcrích.

5.5.6 I dtaca leis an Chláir INTERREG 111A de, ghlac an Chomhairle ag chruinniú mhí Aibreáin le moltaí Fhoireann Gníomhaíochta a bunaíodh chun tuairisc a thabhairt don CATT maidir le ról an trí Ghrúpa Dhorchlá Teorann (a bhfuil 18 údarás áitiúla Thuaidh agus Theas mar bhaill iontu), i gcomhthéacs an Chláir de.

5.5.7 Bhunaigh an Chomhairle Grúpa Oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn fhorfheidhmiú an Chomhchaibidle agus chun moltaí a aithint a chuirfeadh an tionscnamh chun tosaigh. Thug an Grúpa Oibre seo a thuairisc don Chomhairle ag cruinniú mhí Dheireadh Fómhair. Ghlac an Chomhairle le bunú bhuanghrúpa stiúrtha a dhéanfadh osbhreithniú ar fhorfheidhmiú na Chomhchaibidle. Chomh maith leis sin ghlac an Chomhairle le bunú chomhghrúpa oibre Chomhchaibidle de choistí monatóireachta CTP Thuaisceart Éireann agus PFN/CTP na Éireann.

## EARNÁIL NA dTEANGACHA

### AN FORAS TEANGA THUAIDH/THEAS

5.6.1 Tagann an Chomhairle le chéile in Earnáil na dTeangacha ar mhaithe le socruithe a dhéanamh i dtaca le beartais agus gníomhaíocht a chuirfí i bhfeidhm ag an Fhoras Teanga Thuaidh/Theas. Tá sonraí na nAirí a d'fhreastail ar chruinnithe na Comhairle san earnáil seo ar fáil in Aguisín 3.

### FEIDHMEANNA/AIDHMEANNA

5.6.2 Is foras amháin é an Foras Teanga a thuairiscíonn don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), ach tá sé déanta suas le dhá áisíneachtaí aonair agus neamhspleách ar a chéile cuid mhór; Foras na Gaeilge agus an Áisineacht Albainis Uladh/Tha Boord o Ulster-Scotch.

5.6.3 Tá cúram cur chun cinn na Gaeilge ar bhonn uile-oileánach ag Foras na Gaeilge.

5.6.4 Tá de chúram ag Tha Boord o Ulster-Scotch aitheantas níos fearr agus úsáid níos leithne Ultaise agus ceisteanna culturtha Albanacha Uladh a chur chun cinn, taobh istigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

5.6.5 Tá Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge, Maighréad Uí Mháirtín agus Cathaoirleach Tha Boord o Ulster-Scotch, Lord Laird of Artigarvan mar chomhchathaoirligh ar an Foras Teanga. Tá ceathrar is fiche ar bhaill ar an Bhord a ceaptar ag CATT. Tá liosta na mball agus a gcuid áisíneachtaí in Aguisín 7.

## FORAS NA GAEILGE

### FEIDHMEANNA/CUSPÓIRÍ

5.6.6 Chomh maith le feidhmeanna Bhord na Gaeilge a thabhairt chuige féin, tugadh réimse leathan d'fheidhmeanna don áisínteacht chun cur lena héifeacht maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Mar shampla, in achar an oideachais, foclóirí agus téarmaíochta, ghlac sí chuici féin cúram an Choiste Téarmaíochta agus ghlac as lámh na feidhmeanna a bhaineann le cúrsaí foilseacháin a bhí ag An Gúm agus ag an aonad tacaíochta Gaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire,

5.6.7 Is í Maighréad Uí Mháirtín atá mar Chathaoirleach ar Fhoras na Gaeilge agus tá 15 ball eile ar an Bhord.

### Gníomhaíochtaí

5.6.8 Agus an nós imeachta in úsáid aici trína ndéantar cinní i bhformáidí earnálacha eile, cheadaigh an Chomhairle an Dréachtphlean Straitéiseach d'Fhoras na Gaeilge a chlúdaíonn an tréimhse 2001-2010 ag cruinniú earnálach na nUiscebhealaí Intíre ar an 27 Meitheamh 2001.

5.6.9 Tháinig an Chomhairle i gceann a chéile aon uair amháin san fhormáid Earnálach Teanga i 2001. Tionóladh an cruinniú ar 7 Nollaig. Chomhaontaigh an Chomhairle i bprionsabal go raibh an t-iarratasóir a bhí molta ag an phainéal roghnóireachta inghlactha ag an Fhoras Teanga Thuaidh/Theas don phost mar PF ar Fhoras na Gaeilge agus go bhféadfaí idirbheartaíocht a thionscnamh leis an iarratasóir maidir le teacht ar chomhaontú láithreach ar thuarastal tosaithe agus choinníollacha seirbhíse eile.

5.6.10 Ag an chruinniú seo fuair an Chomhairle eolas cothrom le dáta chomh maith ar shaincheisteanna maidir le Pleanáil Chorparáideach a bhaineann le Foras na Gaeilge. Ina measc siúd bhí cuntas gairid ar ghníomhaíochtaí na hÁisínteachta atá molta do 2002, lena n-áirítear tionscnaimh in achar an oideachais, san earnáil phobail agus ghnó, san earnáil phoiblí, sna healaíona agus i gcúrsaí taighde. Tabharfar faoi thionscnaimh chun dea-chleachtas i gcúrsaí bainisteoireachta agus pearsanra a chur i gcrích.

5.6.11 D'iarr an Chomhairle ar Fhoras na Gaeilge ról ceannasaíochta a ghlacadh air féin i bpróiseas comhairlithe chun moltaí a chur

chun tosaigh ar na bearta is gá a dhéanamh le haghaidh athbhreithniú ar chaighdeán oifigiúil na Gaeilge scríofa.

5.6.12 Chomhaontaigh an Chomhairle ar Chód Iompraíochta do Bhaill an Bhoird agus d'Fhoireann Fhoras na Gaeilge.

5.6.13 D'aontaigh an Chomhairle gur chóir go gcuirfí amach le haghaidh comhairliú poiblí Dréacht-Scéim Chomhionnanais An Fhorais Teanga agus Plean Gnímh Fhoras na Gaeilge i leith Aimsiú Nua Riachtanas Sóisialta

5.6.14 Tá tús curtha ag Foras na Gaeilge leis an obair chun Foclóir Béarla/Gaeilge nua-aimseartha d'ardchaighdeán a thiomsú.

5.6.15 Sa bhliain 2001 rinne Foras na Gaeilge breis agus IR£7m/ 8.88m/Stg£5.6m a dháileadh ar thionscadail Ghaeilge ar fud an oileáin. Cuireadh maoiniu ar fáil do 18 n-eagraíocht Ghaeilge dheonach, thuaidh agus theas. Tugadh maoiniú do bhreis agus 100 tionscadal teanga, thuaidh agus theas, lena n-áirítear an tionscadal CLÁR i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe.

5.6.16 Ceadaíodh maoiniú chomh maith d'iriseán Idirlín www.beo.ie agus síníodh conradh nua trí bliana leis an iriseán Gaeilge COMHAR.

5.6.17 Anuas air sin cheadaigh Foras na Gaeilge urraíocht shuntasach do na tionscadail seo a leanas:

- Cluiche ceannais camógaíochta na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh
- Féile an Phobail i mBéal Feirste
- Ros na Rún ar TG4
- Comórtas an Eolaí Óig
- Féile Lá 'le Pádraig
- Cumann Bhantracht Tuaithe na hÉireann

## THA BOORD O ULSTER SCOTCH AN ÁISÍNEACHT ALBAINIS ULADH

### FEIDHMEANNA/AIDHMEANNA

5.6.18 Is é aidhm Áisíneacht na hUltaise (Tha Boord o Ulster Scotch) aitheantas níos leithne a thabhairt do cheisteanna cultúrtha Albanacha Uladh agus úsáid níos leithne na hUltaise a spreagadh, taobh istigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

5.6.19 Is é Lord Laird of Artigarvan Cathaoirleach Tha Boord o Ulster Scotch agus tá seacht mball eile ar an Bhord.

### Imeachtaí

5.6.20 Ag a chruinniú san earnáil teanga ar 7 Nollaig tugadh eolas cothrom le dáta don Chomhairle ar shaincheisteanna maidir le Pleanáil Chorparáideach a bhaineann le Tha Boord o Ulster Scotch. I measc siúd bhí straitéisí i gcóir chláracha teangeolaíochta agus oideachais, agus moltaí i dtaca le fostú foirne le haghaidh na hÁisínteachta Albanach Uladh.

5.6.21 Ghlac an Chomhairle leis an phróiséas earcaíochta le haghaidh Phríomhfheidhmeannaigh úir ar Tha Boord o Ulster Scotch.

5.6.22 Ghlac an Chomhairle fosta le Chód Iompraíochta do bhaill Tha Boord o Ulster Scotch. Cuirfear Cód Iompraíochta i gcóir fhoireannna hÁisínteachta faoi bhráid na Comhairle nuair a bhéas a cuid earcaíochta déanta ag an Iisínteacht.

5.6.23 Shocraigh an Chomhairle fosta go nglacfaí le Plean Ghníomhaíochta Dírithe ar Riachtanais Soisialta de

chuid Tha Boord o Ulster Scotch le haghaidh comhairliú poiblí.

5.6.24 Lean Tha Boord o Ulster Scotch lena a chuid oibre ar a shainordú a chomhlíonadh, é ag díriú isteach ar forbairt an chultúir agus na teanga Albanach Uladh, ag cothú staidéir orthu, agus ag méadú tuiscint an phobail ar an dá rud. I measc na dtionscadal a fuair tacaíocht ón Áisíneacht i 2001 bhí:

- Cuid de mhaoiniú Institiúid an Léinn Albanach Uladh ag Ollscoil Uladh, Coláiste Mhig Aodha, a seoladh i mí Eanáir 2001.
- Maoiniú i gcóir na Comhairle Oidhreachta Albanach Uladh
- Maoiniú don ghné Albanach Uladh den Maiden City Festival a bhí ar siúil i mí Lúnasa 2001.
- Maoiniú ar mhaithe le gaitherin Albanach Uladh a bheadh ar siúil ag an am chéanna le Comórtais Bhannaí Píobaireachta Uladh.
- Mórchomhdháil eagraíochtaí Albanacha Uladh, an comhdháil Gan Forrit, a bhí ar siúil i gCál Gorm, Co. Aontroma 24 Samhain 2001.

## AN EARNÁIL UISCEFHEIRMEOIREACHTA AGUS MARA

### COIMISIÚN NA FEABHAILE, CAIRLINN AGUS SOLAS NA ÉIREANN

5.7.1 Tagann an Chomhairle le chéile san Earnáil Uiscefheirmeoireacht agus Mara ar mhaithe le socruithe a dhéanamh i dtaca le beartais agus gníomhaíochta a chuirfear i bhfeidhm ag Coimisiún na Feabhaile, Cairlinn agus Solas na Éireann (CFCSÉ). Tá sonraí na nAirí a d'fhreastail ar na cruinnithe san earnáil seo ar fáil in Aguisín 3.

5.7.2 Feidhmníonn CFCSÉ trí dhá áisínteacht. Déantar obair an Choimisiúin i dtaca le limistéir Fheabhaile agus Cairlinn trí áisínteacht ar a dtugtar Áisínteacht na Lochanna. Tá Áisínteacht na Lochanna ag feidhmiú cheana agus tá áit Choimisiún Iascaireachtaí Feabhaile glactha aige. Tá sé i gceist fosta go mbeidh CFCSÉ mar údarás ginearálta ar thithe solas oileán na hÉireann. Faoi láthair titeann an dualgas seo ar Coimisinéirí na Solas Éireannacha ar gá dóibh cuntas a thabhairt do Roinn Iompair, Rialtais Iitiúla agus na Réigiúin, na Ríochta Aontaithe, mar Iontaobhach Chiste Ginearálta na dTithe Solas. Faoina dlithe chuí, bhearfar reachtaíocht Breataineach agus Éireannach chun tosaigh ar mhaithe le feidhmeanna Choimisinéirí na Solas Éireannacha a aistriú go CFCSÉ agus comhlíonfar na dualgais seo trí áisínteacht de chuid CFCSÉ a bhfuil Áisínteacht na Solas mar ainm air. Tá bord beirt bhall déag ag CFCSÉ a ainmnítear ag CATT. Tá liosta na mball ar fáil in Aguisín 7. Is é Peter Savage, uas. Cathaoirleach an Choimisiúin agus is é Lord Cooke of Islandreagh an LeasChathaoirleach. Tháinig Bord CFCSÉ le chéile trí huaire i rith 2001.

## ÁISÍNTEACHT NA LOCHANNA

### FEIDHMEANNA/AIDHMEANNA

5.7.3 Tugadh cúraimí Choimisiún Iascaireachtaí Feabhaile do Áisínteacha na Lochanna ar 2 Nollaig 1999. Cuireadh limistéar Chairlinn san áireamh fosta leis na dualgais 'caomhnú, cosaint agus feabhsú iascaireachtaí limistéir na Feabhaile.' Chomh maith leis sin tá an Áisínteacht freagrach as fhorbairt na Lochanna Feabhaile agus Cairlinn ar bhonn gnó agus fóillíochta ó thaobh iascaireacht mhara agus cúrsaí uiscefheirmeoireachta de, i dtaca le fhorbairt na turasóireachta mara agus forbairt agus ceadúnú na

feirmeoireachta mara i limistéir Feabhail agus Cairlinn.

5.7.4 Is rud bunúsach é, má tá an Áisínteacht le réimse iomlán na ndualgas seo a chomhlíonadh, go ndéanfar an phríomhreachtaíocht faoina n-oibrigh Coimisiún Iascaireachtaí na Feabhaile a leasú. Tá na leasuithe riachtanacha ar an reachtaíocht seo - Acht na nIascaireachtaí Feabhaile 1952, agus Acht na nIascaireachtaí Feabhaile (Tuaisceart Éireann) 1952 - a ullmhú faoi láthair ag Roinn na Mara agus Acmhainní Nadúrtha agus an Roinn Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe.

5.7.5 Is é Derrick Anderson, uas. Príomhfheidhmeannach Áisínteacht na Lochanna.

5.7.6 Is é 33 líon fhoireann na Áisínteachta.

5.7.7 Osclaíodh an Ceannáras nua a tógadh ag an Phreachán cois Feabhaile go hoifigiúil i mí an Mheithimh. Beidh acmhainní léirmhíniúcháin agus oideachais san fhoirgneamh nua fosta.

## Imeachtaí.

5.7.8 Bhí trí chruinniú de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh/ Theas i bhFormáid Choimisiún na Feabhaile, Cairlinn agus Solas na Éireann i 2001, ar 6 Aibreán, 22 Meitheamh, agus 26 Deireadh Fómhair. Ag na cruinnithe seo thug an Chomhairle treoir i dtaca le obair Áisíneacht na Lochanna.

5.7.9 I gcaitheamh na bliana rinne an Chomhairle roinnt píosaí reachtaíochta tánáisteacha a chur i bhfeidhm a rialaíonn obair na hÁisíneachta i dtaca le caomhnú agus cosaint stoc na n-iasc, eadhon, Rialacha Limistéir na Feabhaile agus Limistéir Cairlinn (lipéadú agus logleabhar) 2001; Rialacha Limistéir na Feabhaile agus Limistéir Cairlinn (Séasúr druidte slatiascaireachta) 2001; Rialacha Limistéir na Feabhaile agus Limistéir Chairlinn (Slatiascaireacht) 2001; agus Rialacha Limistéir na Feabhaile agus Limistéir Cairlinn (Ceadúnúcháin inneall iascaireachta) 2001.

5.7.10 I mí Aibreáin thoiligh an Chomhairle go gcuirfí dréachtphlean Scéim Chomhionnanais na hÁisíneachta faoi bhráid an Choimisiúin Chomhionnanais i gcóir lánchéadú.

5.7.11 I mí Mheithimh d'aontaigh an Chomhairle go gcuirfí amach le haghaidh comhairliú poiblí Dréacht-Plean Gnímh iisíneacht na Lochanna i leith Aimsiú Nua Riachtanas Sóisialta agus thug siad suntas do mholadh na hÁisíneachta go ndréachtfar Córas Comhordnuithe Bainistíochta Fheirmeoireachta Mara Áitiúla (CCBFMÍ).

5.7.12 Chomh maith leis sin thug an Chomhairle údarás do Bhord Choimisiún na Feabhaile, Cairlinn agus Solas na hÉireann leanúint ar aghaidh mar a moladh le bunú Fhóraim Chomhairleach agus Grúpaí Fócais mar chuid de shocruithe comhairliúcháin an Fhorais.

5.7.13 I mí Dheireadh Fómhair ghlac an Chomhairle le moladh na hiisíneachta i dtaca le críochnú a láirionaid léirmhíniúcháin ag a cheannáras i bPreacháin.

5.7.14 Thug an Áisíneacht gearrthuairisc don Chomhairle ar a chuid moltaí i dtaca le tabhairt faoi staidéar géinideach dhá bhliana ar dhaonra na mbradán i limistéir na Feabhaile. Beidh sé seo ar an chéad scrúdú ar idirghníomhaíocht idir iascaireacht slait agus struchtúr bhundaonra na mbradán. Déanfar an staidéar seo i bpáirt leis an Roinn Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe, Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste agus an

Institiúid Mara i mBaile Átha Cliath.

5.7.15 Ag a chruinniú i mí Aibreáin ghlac an Chomhairle le moladh an t-athbhreithniú ar fhoirniú agus struchtúradh Áisíneacht na Lochanna a chuir siar go Eanáir 2002. Ghlac an Chomhairle fosta le moladh go ndéanfaí athbhreithniú ar chéimniú agus tuarastáil phostanna áirithe foirne páirce de chuid Áisíneacht na Lochanna, a luaithe agus a b'fhéidir.

5.7.16 Thug an Chomhairle faoi deara an méid dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus an clárama i dtaca leis an reachtaíocht iascaireachta a thabhairt chun tosaigh a raibh gá leis faoi Chomhaontú ar Fhorais Thuaidh/Theas idir Rialtas RA agus Rialtas na hÉireann.

## ÁISÍNEACHT NA SOLAS

5.7.17 Mar atá ráite in alt 5.7.2, faoin reachtaíocht chuí, beidh CFCSÉ mar Údarás Ginearálta na dTithe Solas do oileán na hÉireann. Faoi láthair is ag Coimisinéirí na Solas Éireannacha (CSÉ) atá an cúram seo. Bhí sé i gceist go gcuirfí an obair seo i gcrích trí áisíneacht de chuid CFCSÉ a mbeadh Áisíneacht na Solas air.

5.7.18 Tá foráileacha chinnte in Acht Chomhaontú Breataineach Éireannach 1999 agus san Ordú Chomhoibrithe Thuaidh/Theas (Forais Forfheidhmithe) 1999 a aithníonn an gá atá ann le socruithe faoi leith a dhéanamh le haghaidh Áisíneacht na Solas ó tharla gné gan chomhmhacasamhail Thoir/Thiar a bheith i gceist agus na socruithe maoine agus reachtaíochta atá ann faoi láthair i gcóir CSÉ.

5.7.19 Go dtí seo ní raibh sé indéanta an t-aistriú oibre ó Choimisinéirí na Solas Éireannacha go CFCSÉ a ceadaíodh sa Chomhaontú Breataineach-Éireannach a bhunaigh CFCSÉ a chuir i gcrích. Tá ábhair chasta i gceist a éilíonn go ndéanfar athruithe, trí reachtaíocht RA do Acht na Loingseoireachta Gnó 1995.

5.7.20 Tá cainteanna ar siúil idir an dá Rialtas agus na rannóga cuí i dTuaisceart Éireann ar mhaithe le aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna dlithiúla, corparáideacha agus airgeadais a bhaineann leis an chás. Pléadh an t-ábhar seo ag cruinniú CATT ina bhFormáid Institiúideach 17 Nollaig 2001.

## EARNÁIL NA TALMHAÍOCHTA

5.8.1 Ba iad na gnéithe comhoibrithe Thuaidh/Theas sa Talmhaíocht ar glacadh leo le haghaidh túsmheastúcháin ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) ná ceisteanna ChomhPholasaí Talmhaíochta (CPT) polasaí agus sláinte ainmhithe agus plandaí agus forbairt tuaithe. Tá sonraí na nAirí a d'fhreastail ar chruinnithe na Comhairle sa Earnáil seo ar fáil in Aguisín 3.

5.8.2 Tháinig CATT le chéile faoi dhó i rith 2001 san Earnáil Talmhaíochta. Tharla na cruinnithe seo ar 6 Aibreán agus 4 Deireadh Fómhair.

5.8.3 Dhírigh an Chomhairle ag cruinniú mhí Aibreáin ar ábhair a bhain le sláinte na n-ainmhithe, agus ceist an ghalair Chrúib agus Béal ach go háirithe. Bhí an Chomhairle an-sásta leis na comhiarrachtaí Thuaidh agus Theas a rinneadh le bac a chuir le leathnú an ghalair ar an oileán. D'aontaigh an Chomhairle go mbunófar Grúpa Stiúrtha d'oifigigh a dhéanfadh straitéis le haghaidh smachtú bhogadh ainmhithe ar an oileán a fhorbairt, agus iad ag tarraing ar obair a rinneadh cheana sa dá dhlínse. Dhéanfadh an ghrúpa seo na modhanna le ráigeanna eile amach anseo de ghalair forleatacha

a chosc, a srianú agus a cealú ar an oileán.

5.8.4 Ag a chruinniú i mí Dheireadh Fómhair d'aontaigh an Chomhairle go leanfadh oifigigh lena gcuid comhráití leis na hÁisíneachtaí Forbartha agus le Tionscáil na Muc leis an ghníomhaíocht chuí a fhorbairt le seasamh iomaíochta earnáil na muc a fheabhsú ar an oileán.

5.8.5 Tá comhbhuairimh pléite chomh maith ag an Chomhairle i dtaca leis an Eagraíocht Tráchtála Domhanda, méadú Aontas na hEorpa agus léasú an Chomhpholasaí Talmhaíochta.

5.8.6 Thug an Chomhairle suntas don dul chun cinn a bhí déanta ag an Choiste Stiúrtha um Fhorbairt Tuaithe Trasteorann i dtaca lena chlár oibre ar ghlac an Chonmhairle leis a chur i gcrích. Thug an Chomhairle suntas faoi leith do stáid reatha na taighde a coimisiúnadh ag an Choiste Stiúrtha ar (i) comhoibriú idir phobail tuaithe trasteorann agus (ii) oideachas, oiliúint agus taighde fhorbairt tuaithe trasteorann.

## EARNÁIL AN OIDEACHAIS

5.9.1 Ar na gnéithe de chomhoibriú Thuaidh/Theas san Oideachas ar aontaíodh orthu i gcóir túsmheastúcháin ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) bhí oideachas i haghaidh páistí le riachtanaisí speisialta, gannfheidhmíocht oideachasúil, cailíochtaí múinteoireachta, agus malartúithe scoile, óige agus múinteoirí. Tá sonraí na nAirí a d'fhreastail ar chruinnithe na Comhairle san earnáil seo ar fáil in Aguisín 3.

5.9.2 Tháinig an Chomhairle le chéile in Earnáil an Oideachais uair amháin ar 28 Samhain 2001.

5.9.3 Níor tharla cruinniú don Chomhairle in Earnáil an Oideachais a bhí beartaithe do 22 Meitheamh toisc nár ainmníodh airí ar bith de chuid Tuaisceart Éireann chun freastail air.

5.9.4 Ag an chruinniú ar 28 Samhain, rinne an Chomhairle dul chun cinn ar na eochair-réimsí comhoibre a athmheas agus leag siad béim ar thábhacht agus ar chomhleas na hoibre sna réimsí seo.

5.9.5 Rinne an Chomhairle na tuairiscí dul chun cinn ó na ChomhGhrúpaí Oibre a bunaíodh ag cruinniú a tharla roimhe sin a mheas agus tháinig siad ar aon intinn maidir leis na priarachtaí agus cláracha oibre don am atá le teacht le haghaidh gach ceann de na Grúpaí seo.

5.9.6 Maidir le Oideachas Speisialta, san áit a bhfuil an béim sa chéad dul síos ar uathachas agus an disléais, ghlac an Chomhairle le roinnt gníomhartha, ina measc, go gcuirfear tús le clár malartúithe oideachais speisialta le haghaidh múinteoirí agu le forbairt físthéipeanna/CD-Romanna agus ábhair comhairleacha do thuismitheoirí agus múinteoirí a rachadh go maith le chéile.

5.9.7 In eochair-réimse eile, Litearthacht agus Uimhríocht, ghlac an Chomhairle le bunadh socruithe ar mhaithe le malartú ábhair teagaisc. D'aontaigh an Chomhairle fosta ar gníomhartha ar mhaithe le tionramh agus fhadfhreastail na ndáltaí a fheabhsú, leathnú an dea-chleachtais san áireamh, agus chomh maith chinn siad go dtabharfaí faoi thionscnamh píolóta a mbeadh de aidhm aige páirtíocht na dtuismitheoirí a fheabhsú.

5.9.8 Ghlac an Chomhairle fosta le breis oibre ag na Grúpaí Oibre ar Aoisliúntas na Múinteoirí agus ar

Chailíochtaí na Múinteoirí ar mhaithe leis na bacanna ar shoghluaiseacht trasteorann sa cheird sin a laghdú.

5.9.9 Chomh maith leis seo, thug an Chomhairle aitheantas don Staidéar Scopála ag Ionad na Staidéar Trasteorann in Ard Mhacha ar éifeachtacht mhalartúithe scoile, óige agus múinteoirí, agus d'aontaigh siad, agus aird acu ar thorthaí chomhdháil chomhairleach a tharla ar na mallaibh, gur chóir go mbunófaí próiséis agus struchtúir oiriúnacha ar mhaithe leis na dóigheanna ina ndéantar malartuithe a bhainistiú agus a éascú a fheabhsú.

5.9.10 I gcomhthéacs na comhoibre i dtaca le cláracha AE, d'aithin an Chomhairle go ndéanfadh an dá Roinn Oideachais, agus iad ag obair le chéile, tairiscintí a lorg roimh i bhfad, ar mhaoiniú i gcóir tionscadáil trasteorann faoi chlár AE Síochán II.

## NA hEARNÁLACHA SHÁBHÁILTEACHT BIA AGUS SLÁINTE

## COMHOIBRIÚ SLÁINTE

5.10.1 I bhFormáid Earnálach déanann an Chomhairle réimsí i gcóir chomhoibre i Sláinte chomh maith le cúrsaí a bhaineann leis an Bhord um Cothú Shábháilteacht Bia a mheas. Is iad na priarachtaí a aithníodh i dtaca le comhoibriú Shláinte de ná Seirbhísí Timpiste agus Éigeandála, Pleanáil i gcóir MhórÉigeandála, Fearais Ardteicneolaíochta, Taighde ar Ailse agus cothú na Sláinte.

5.10.2 Tá sonraí na nAirí a d'fhreastail ar chruinnithe na Comhairle sna hEarnálacha seo ar fáil in Aguisín 3.

5.10.3 Tháinig an Chomhairle le chéile sna hEarnálacha Shábháilteacht Bia agus Sláinte uair amháin i 2001. Tharla an cruinniú sin 16 Samhain i mBéal Feirste.

5.10.4 Níor tharla cruinniú den Chomhairle sna hEarnálacha Shábháilteacht Bia agus Sláinte mar a bhí beartaithe do 29 Meitheamh 2001 ar an ábhar nár ainmníodh Airí Thuaisceart Éireann ar bith chun freastail air.

5.10.5 Ag a chruinniú ar 16 Samhain fuair an Chomhairle tuairiscí bhreise ar an dul chun cinn a rinneadh ar fhorfheidhmiú an chlár oibre ar ghlac siad leis ag an chruinniú roimhe sin, ar 4 Iúil 2000 i gcóir na gcúig réimse san Earnáil Sláinte agus rinne siad staid gach ceann acu a mheas.

5.10.6 Faoin cheannteideal 'Seirbhísí Timpiste agus Éigeandála', aithníodh dhá réimse leathan comhoibre. Is iad seo seirbhísí oispidéil sna ceantracha cois teorainn agus seirbhísí speisialtóra ar bhonn níos leithne réigiúnda, san áit go mbíonn an soláthair ar bhonn limistéir uil-oileánach mairtheanach.

5.10.7 Bunaíodh Grúpa Sheirbhísí Réigiúnda Oispidéal Thuaidh Theas (GSROTT) leis na deiseanna forbartha páirtíochta atá ann le haghaidh na seirbhísí níos leithne réigiúnda a mheas. D'iarr an Chomhairle ar GSROTT Athbhreithniú na bPráinnOispidéal sa Tuaisceart a chur san áireamh, áit a dtugtar le fios go bhfuil féidireachtaí móra i gcóir tionscnaimh trasteorann a fhorbairt chun leas na n-easlann.

5.10.8 D'aithin an Chomhairle go ndéanfar eolas a mhalartú ar na athbhreithnithe ar sheirbhísí duáin Thuaidh agus Theas, faoi seach. D'aithin an Chomhairle fosta go ndearnadh dul chun cinn i dtaca le

comhoiliúint, forbairt foirne agus deiseanna malartú i seirbhísí raideatheiripé de.

5.10.9 I dtaca le Pleanáil i gcóir MhórÉigeandála de, thug an Chomhairle suntas do chlár trasteorann chúrsaí oiliúna phleanáil éigeandála, a chlúdaíonn an freagra lucht leighis do mhóreachtra, agus do na moltaí do fhorbairt protacail cumarsáide le freagra oispidéil agus pobail a spreagadh i gcás mhóréigeandála.

5.10.10 D'aithin agus chuir an Chomhairle a hainm leis na moltaí ar scéimeanna 'céad fhreagróir' a thabhairt isteach i gceantracha cois teorainn, agus do fhorbairt straitéise freagartha timpiste bóthair do Bhriogáid Tine i gceantracha cois teorainn.

5.10.11 Ghlac an Chomhairle le chomhchur chuige agus costaisí rannta ar mheastúchán ar Sheirbhís Éigeandála Leighis Iongaráin, agus sin roghanna lonnaithe na seirbhíse san áireamh.

5.10.12 Ar cheist an fhearais ardteicneolaíochta, ghlac an Chomhairle le ballraíocht agus clár oibre ChomhGhrúpa Teicneolaíocht Sláinte a bhfuil de dhualgas air protacail a scríobh i dtaca le measúnú agus luachú na teicneolaíochta nua atá ag teacht ar an mhargadh san earnáil seo.

5.10.13 Thug an Chomhairle suntas don chomhoibriú atá ag gabháil ar aghaidh i láthair na huaire i dtaca le Taighde ar Ailse. Tá creatlach cruthaíthe ag Meamran Tuisceana a bhunaíonn Cuibhreannas Ailse idir Institiúd Náisiúnta Ailse na Stáit Aontaithe agus na Ranna Sláinte Thuaidh agus Theas ina bhfuil infreastruchtúr i gcóir chomhchláracha uil-oileánacha thaighde cliniciúil ailse a fhorbairt. I measc na dtionscnamh thaighde ar ailse atá feicthe ag an Chomhairle tá: bunadh scoláireachtaí forleaiteolaíochta ailse; forbairt infreastruchtúir oispidéil chun tabhairt faoi thriallacha cliniceacha ailse ardchaighdeáin agus pleananna ar mhaithe le imeachtaí triallacha cliniceacha uil-oileánacha a chomhordnú; forbairt nascanna cumarsáide theileshineirgíochta a mbeadh ina gcuidiú agus comhairliú ar siúil ar ailsí neamhghnácha nó deacra agus in oiliúint iarchéime; agus ar deireadh, na moltaí an clár malartú scoláirí faoi scáth an Chuibhreannais Ailse a leathnú.

5.10.14 Thug an Chomhairle suntas do roinnt forbairtí ar shaothair chomhoibre a tharla cheana féin i Cothú na Sláinte. Le bliain anuas ó Samhain 2000 tharla dhá mhórfheachtas chomhphoiblíocht, ceann amháin ar aigéad folach agus ceann ar bhuntaistí imeachtaí fisiciúla. D'aithin an chomhairle fosta go bhfuil an dá Roinn Sláinte ag obair le chéile ar fhorbairt clár cothuithe sláinte agus áis oiliúna a dhéanfaidh siad a phleanáil le chéile go straitéiseach.

## AN EARNÁIL COMHSHAOIL

5.11.1 I measc na réimsí ar glacadh leo i gcóir mheasú ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) suas le Nollaig 2001 tá bainistiú chaighdeán uisce, bainistiú drámhaíola i gcomhthéacs trasteorann, taighde ar chosaint chomhshaoil, teicneolaíochtaí nua monatóireachta, bunachar sonraí comhshaoil, tionchar chomhshaoil na talmhaíochta agus malartú eolais agus pobaltuiscint do chúrsaí chomhshaoil.

5.11.2 Tháinig an Chomhairle le chéile trí huair san Earnáil Chomhshaoil i 2001. Tharla na cruinnithe seo ar 23 Feabhra, 15 Meitheamh agus 14

Nollaig. Tá sonraí na n-Airí a d'fhreastail ar na cruinnithe seo ar fáil in Aguisín 3.

5.11.3 Bunaíodh grúpa oibre ar chaighdeán uisce, a bhfuil grúpa chomhairleach teicneolaíochta mar thaca aige, chun athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar na straitéisí bainistíochta i gcóir limistéir na Feabhaile agus na hÉirne a moladh i 1997/1998 agus chun na ceisteanna a bhaineann le forfheidhiú an Treoir Creatlach Uisce (TCU) san am atá romhainn a iniúchadh. Thug sainchomhairleoirí a coimisiúnadh ag an ghrúpa oibre tuairisc ar na príomhcheisteanna i dtaca leis na straitéisí reatha bainistíochta i gcóir limistéir na Feabhaile agus na hÉirne agus rinne siad moltaí i dtaca leis na riachtanais teicniúla i gcóir fhorfheidhmiú an TCU. Ghlac an Chomhairle le grúpa prionsabal le haghaidh líniú na gCeantracha Ghleann Abhainn Idirnáisiúnta (CGAI) mar atá riachtanach faoi TCU. Ghlac an Chomhairle fosta leis an obair a rinneadh fhad le sin ag an ghrúpa oibre agus leis an chur chuige ginearálta a glacadh le haghaidh leagan amach na CGAI-anna. Tá iarrtha ag an Chomhairle ar an ghrúpa oibre moltaí a chur chun tosaigh maidir leis na limistéir ar chóir dóibh a leagan amach.

5.11.4 D'aontaigh an Chomhairle gur chóir go nglacfaí le cur chuige na comhoibre i bhforbairt moltaí ar mhaithe le leathnú athchúrsáil dramhaíola a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó. Ar na moltaí seo tá meastúchán ar Chlár Forbartha Margaidh don oileán agus Creatlach Athchúrsála Pobal trasna an oileáin uile. Ghlac an Chomhairle le bunadh, ballraíocht, tearmaí tagartha agus clár oibre ghrúpa stiúrtha oifigeach de chuid an dá dhlínse a dhéanfadh cur chuige comhoibre struchtúrtha a mheas agus a fhorbairt i leith comhChlár Forbartha Margaidh. Déanfaidh an grúpa stiúrtha dul chun cinn a thuairisciú don Chomhairle. Thug an Chomhairle suntas chomh maith don dul chun cinn a rinneadh go dtí seo ar fhéidireachtaí a aithint ar mhaithe le spreagadh athchúrsála na dramhaíola, ina measc meastúchán a rinneadh ar mholtaí i gcóir bhunadh Chreatlach Athchúrsála Pobal ar bhonn uile-oileánach agus comhthionscnamh Thuaidh/Theas le réimsí dea-chleachtais san Eoraip a fhiosrú, san áit a bhfuil an t-athchúrsáil agus an margadh le haghaidh ábhar athchúrsálta bunaithe go sásúil.

5.11.5 I dtaca le Taighde Chomhshaoil de, tá Seirbhís Chomhshaoil agus Oidhreachta, (SCO) Thuaisceart Éireann agus an Áisíneacht Cosanta Chomhshaoil (ÁCC) ag obair i lámh a chéile ar fhorbairt shuíomh idirghreasáin idirghníomhach chomhmhaoinithe ar thionscnaimh reatha taighde chomhshaoil. Ghlac an Chomhairle le coimisiniú chonradh chomhmhaoinithe ar fhorbairt an tsuíomha. Tá siad ag súil go mbeidh an suíomh ar fáil go luath i 2002.

5.11.6 Tá sé i gceist go ndéanfaidh obair i réimse na NuaTheicneolaíocht Monatóireachta bunús chomhthuigthe cothrom i gcóir modhanna monatóireachta agus córais rannta a úsáidfear. Rinne SCO agus ÁCC comhthuairisc a ullmhú ar Theicneolaíochtaí Nua Monatóireachta a foilsíodh agus a cuireadh ar na láithreáin is oiriúnaí idirghreasán. Roghnaíodh trí réimse chomhshaoil uisce i gcóir na gcomhoibre tosaigh, mar a moladh sa chomhtuairisc, .i. monatóireacht cheimicí in uiscí dhromchla, monatóireacht bitheolaíoch in uiscí dhromchla, agus stocanna iasc.

5.11.7 Tá clár forbartha bhunachair eolais agus comhoibre chomhshaoil a

thabhairt chun tosaigh ag SCO agus ÁCC. Cheadaigh an Chomhairle an obair a bhí beartaithe ar réimse shamplach trasteorann ar chompáráid eolais chlúdach talaimh agus thug sé faoi deara gur roghnaíodh cheantair an Iúir agus Dún Dealgan i gcóir na hoibre seo. Thug an Chomhairle suntas fosta don dul chun cinn a bhí déanta ar thriallú chomhinghlacthacht córas éagsúla SCO agus ÁCC i gcóir chlárú eolais chomhshaoil.

